etb
Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

## PREAS RÁITEAS

Dé Céadaoin, 31 Lúnasa, 2016

# Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall mar pháirt de Suíomh Idiríon Nua Náisiúnta - Fetchcourses.ie

Ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall páirt le déanaí i seoladh foirmeálta de suíomh gréasáin nua (fetchcourses.ie) a bheireann iomlán eolais ar soláthar Breisoideachais agus Oiliúna ar bhonn náisiúnta ar suíomh gréasáin amháin. Is féidir an suíomh gréasáin seo a rochtain ar ríomhaire, táibléad nó ar na príomh gléasanna soghluaiste go léir.

Beidh an suíomh gréasáin nua ar chumas d'fhoghlaimeoirí eolas a fháil faoi dheiseanna Breisoideachas agus Oiliúint ar fud an chontae agus go náisiúnta freisin. Eolas faoi chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, na cúrsaí oiliúna is déanaí, tionscnaimh dul ar ais i mbun oideachais agus go leor cúrsaí eile. Tá na cláir ar fáil go náisiúnta tríd líonra de sholáthraithe Oideachais agus Oiliúna, agus tá rogha ar líne trí SOLAS eCollege. Mar sin go háitiúil, sé Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an soláthraí is mó agus faoi láthair tá eolas faoi 175 cúrsaí ar an suíomh gréasáin le eolas fós ar na hionaid éagsúla ar fud an chontae.

**Oifigí Riaracháin:**
Ard Uí Dhomhnaill
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall

**Administrative Offices:**
Ard O'Donnell
Letterkenny
Co. Donegal, F92 DP98

t.+353(0)74 91 61600
info@donegaletb.ie
eolas@donegaletb.ie
www.donegaletb.ie

Anne McHugh
*Chief Executive*

Anne NicAodha
*Príomhfheidhmeannach*

Dúirt Anne Nic Aoidh, Príomhfheidhmeannach Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall - *"Is é seo forbairt an-spreagúil don earnáil Breisoideachais agus Oiliúna, aon áit amháin agus eolas ar gach soláthar Breisoideachais agus Oiliúna go háitiúil, go réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta. Tugann an earnáil Breisoideachais agus Oiliúna réimse leathan de chúrsaí creidiúnaithe ag leibhéal áitiúil a chuireann ar chumas daoine aonair a gcuid scileanna a fhorbairt le haghaidh fostaíochta, dul chun cinn gairme, dul chun cinn i gcúrsaí eile nó tríú leibhéal mar aon le scileanna bunúsacha litearthachta agus uimhearthachta a chur ar fáil"*

Tá líonra fairsing d'Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna lonnaithe ar fud an chontae ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Tá dhá ionad oiliúna lárnach i Leitir Ceanainn agus i nGaoth Dobhair agus naoi nIonaid breise – i mBéal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall (2), Srath an Urláir, Gort an Choirce, Leitir Ceanainn (2), Baile na nGallóglach agus i mBun Cranncha. Tá fós roinnt láithreacha for-rochtana ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus iad uile ag obair go dlúth leis an líonra de sholáthraithe Oideachais Phobail ar fud an chontae. Tá fáil ar áiseanna cúraim leanaí ag ceithre cinn de na hionaid céanna. Tá fós Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Aosaigh ar fáil freisin le treoir, comhairle, cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí atá i mbun turas foghlama. Is féidir le foghlaimeoirí fós atá ag smaoineamh ar chúrsaí printíseachta dul i dteagmháil díreach leis an Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le haghaidh iomlán nó tuilleadh eolais.

Dúirt Richard Bruton TD, Aire Oideachais agus Scileanna, ag labhairt mar gheall ar an suíomh gréasáin nua, *"Mar a thagann geilleagar na tíre as tréimhse an-deacair, tá deiseanna nua go leor oscailte do dhaoine óga, san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna, ina measc cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí. Creidim go mór dúinn tógáil air seo agus ag obair idir oideachas agus fiontraíocht atá níos láidre ná an méid atá feicthe againn riamh cheana i nÉirinn. Táim thar a bheith sásta gur féidir anois theacht ar níos mó ná 4,000 Cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna a fháil anois in aon áit amháin ag - fetchcourses.ie"*

*End*